Éamon de Buitléar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Éamon de Buitléar a fuair bás le déanaí.

(a) Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. homage / respect: _____
2. renowned: _____
3. many skills: _____
4. wildlife: _____
5. independent films: _____
6. he became famous: _____
7. broadcasting: _____
8. recognised / known: _____
9. he will be remembered: _____
10. he is survived by: _____

(b) Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

(c) Tá canúint na Mumhan ag Eibhlín Ní Choisdealbha, an féidir libh a rá cad a chuireann an chanúint sin in iúl?

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus breac síos an t-eolas a thugtar faoi na nithe seo a leanas:

1930: _____

Bré, Cill Mhantáin: _____

Amuigh Faoin Spéir: _____

Ceoltóir ba ea é Éamon: _____

Gradam Jacob: _____

1987: _____

Ceist 3 '…ómós....'

(a) Éist leis an mhír arís agus aimsigh na focail inti a bhfuil an chiall chéanna acu leis na focail seo:

meas: _____
cáiliúil: _____
ochtó a trí: _____
deas do: _____
i dtús: _____
ag féachaint ar: _____

(b) Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4. '…tá ómós mór á t**h**abhairt…'

(a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'tabhairt' sa sampla thuas?
(b) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo, ag baint úsáid as an struchtúr céanna:

- She is carrying the bags.
- Irish is being promoted throughout the village.
- My homework? I'm doing it right now!
- The news is being read by Eimear NÍ Chonaola.
- Don't worry about the kitchen, she is cleaning it as we speak.

Ceist 5 '…I measc m**h**uintir na hÉireann…'

(a) An féidir leat féin agus an duine in aice leat a rá cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal 'muintir' thuas?

(b) Déanaigí na samplaí seo le chéile anois.

- (doras) (teach) (an múinteoir)
- (clár) (ceol traidisiúnta) (Éire)
- (blianta tosaigh) (saol) (Éamon de Buitléar)
- (ag ithe) (béile) (an cailín)
- (tar éis) (mí) (an Samhain)

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An raibh aon chur amach agat ar Éamon de Buitléar?
- An bhfuil dúil agat i gcláir fhiadhúlra? Cén fáth?
- An bhfuil cláir fhiadhúlra chomh coitianta anois is a bhí fiche bliain ó shin? Cén fáth?
- Dá mbeadh an deis agat scannán a chruthú ar aon topaic faoin spéir, cad air a mbunófá é?

Freagraí
Ceist 1

1. homage / respect:	*ómós*
2. renowned:	*clúiteach*
3. many skills:	*is iomaí scil*
4. wildlife:	*fiadhúlra*
5. independent films:	*scannáin neamhspleácha*
6. he became famous:	*bhain sé cáil amach*
7. broadcasting:	*ag craoladh*
8. recognised / known:	*aitheanta*
9. he will be remembered:	*cuimhneofar air*
10. he is survived by:	*maireann*

Samplaí ó chanúint na Mumhan:
go mbog
áit go músclaíodh a shuim
sa bhfiadhúlra
don dteilifís
ana-chuid

Ceist 2

1930:	*Rugadh Éamon de Buitléar sa bhliain seo.*
Bré, Cill Mhantáin:	*Bhog sé anseo nuair a bhí sé óg agus shocraigh sé síos anseo lena theaghlach fosta.*
Amuigh Faoin Spéir:	*Craoladh an clár seo i dtús na 60í nuair a bhí tús curtha le ré na teilifíse. Ba é an chéad chlár dúlra a craoladh in Éirinn agus bhain sé cáil amach leis. Chomhléirigh sé an clár leis an ealaíontóir Ollannach Gerrit Van Gelderen.*
Ceoltóir ba ea é Éamon:	*Ceoltóir ba ea é Éamon de Buitléar chomh maith. Bhí sé in ann bosca ceoil agus orgán béil a sheinm. Go deimhin, sular thosaigh sé ag craoladh ar an teilifís ar dtús is ag scríobh agus ag cur i láthair cláir raidió ar cheol traidisiúnta na hÉireann a bhíodh sé. Sna seascaidí bhí sé an-mhór leis an gceoltóir aitheanta Seán Ó Riada. Bhí sé ina bhall de cheoltóirí Chualann agus baint aige lena bhunú.*
Gradam Jacob:	*I 1986 bhuaigh a chlár teilifíse Cois Farraige Leis an Madra Uisce gradam Jacob.*
1987:	*I 1987 cheap Taoiseach an ama, Charles J Haughey é mar bhall de Sheanad Éireann.*

Ceist 3

meas:	*ómós*
cáiliúil:	*clúiteach*
ochtó a trí:	*trí bliana agus ceithre scór*
deas do:	*cóngarach do*
i dtús:	*i dtosach*
ag féachaint ar:	*ag faire*

Ceist 4

(a) Tá ‘á’ ag tagairt siar don ainmfhocal ***ómós*** agus is focal firinscneach é. Is dá bhrí sin a bhfuil séimhiú ar ***tabhairt***. An t-ainm briathartha atá ann.

(b)

- Tá na málaí á n-iompar aici.
- Tá an Ghaeilge á cur chun cinn fud fad an tsráidbhaile.
- M’obair bhaile? Tá sí á déanamh agam anois díreach.
- Tá an nuacht á léamh ag Eimear NÍ Chonaola.
- Ná bí buartha faoin chistin. Tá sí á glanadh faoi láthair.

Ceist 5

(a) Is aonad céille é ‘muintir na hÉireann’ agus is aonad cinnte é (toisc ainm áite a bheith i gceist agus toisc go bhfuil an t-alt ann). Tá rialacha speisialta gramadaí ag baint le haonaid chinnte mar seo a chur sa tuiseal ginideach, ionas nach mbeidh cuma róchasta orthu. Is éard a dhéantar ná an chéad fhocal den aonad a fhágáil sa tuiseal ainmneach ach séimhiú a chur air, mar shampla: i measc [m**h**uintir na hÉireann]. Seo roinnt samplaí eile: hata [f**h**ear an tí], muintir [B**h**áile Átha Cliath], tiománaí [b**h**us 39].

(b)

- doras t**h**each an mhúinteora
- clár c**h**eol traidisiúnta na hÉireann
- blianta tosaigh s**h**aol Éamon de Buitléar
- ag ithe b**h**éile an chailín
- tar éis m**h**í na Samhna

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá ómós mór á thabhairt i gcaitheamh an lae don déantóir scannán clúiteach agus an tIar-Sheanadóir Éamon de Buitléar, a bhásaigh aréir ina theach cónaithe i nDeilgne i gContae Chill Mhantáin. Trí bliana le cois na gceithre[i] scór a bhí sé.

'Nuair a thosaigh muid ag tús na seascaidí ag déanamh cláracha teilifíse…'

Eibhlín Ní Choisdealbha
Scannánóir, craoltóir, scríbhneoir, ceoltóir, Gaeilgeoir agus Iar-Sheanadóir – is iomaí scil a bhí ag Éamon de Buitléar. Rugadh Éamon in 1930, chaith sé na blianta tosaigh dá shaol ag maireachtáil sa Ghaillimh go dtí gur bhog[ii] a theaghlach go dtí Gleann na Deilgne cóngarach do Bhré i gCill Mhantáin, áit gur músclaíodh[iii] a shuim sa bhfiadhúlra[iv].

I dtosach na seascaidí thosaigh Éamon de Buitléar ag déanamh scannáin neamhspleácha faoin bhfiadhúlra. Go gairid tar éis don dteilifís[v] teacht ar an aer sa tír seo den gcéad uair bhain sé cáil amach i measc mhuintir na hÉireann lena chlár *Amuigh Faoin Spéir*. Clár inar roinn sé a ghrá don nádúr agus don bhfiadhúlra leis an lucht féachana. Ba *Amuigh Faoin Spéir* sraith a chomhléirigh Éamon leis an ealaíontóir Ollainnise Gerrit Van Gelderen, an chéad sraith[vi] fiadhúlra a craoladh in Éirinn. Dhein sé cláracha don BBC[vii] agus do TG4 leis, i measc cainéal[viii] eile. Ceoltóir ba ea Éamon de Buitléar chomh maith, bhí sé in ann bosca ceoil agus orgán béil a sheinm. Go deimhin, sular thosaigh sé ag craoladh ar an dteilifís ar dtús is ag scríobh agus ag cur i láthair cláracha raidió ar cheol traidisiúnta na hÉireann a bhíodh sé. Sna seascaidí bhí sé an-mhór leis an gceoltóir aitheanta Seán Ó Riada. Bhí sé ina bhall de cheoltóirí Chualann agus baint aige lena bhunú. Ach, bhí Éamon i gcónaí ag iarraidh bheith ag obair taobh amuigh sa nádúr ag faire ar ainmhithe, ar éisc agus ar éiníní. Bhuaigh a chuid cláracha faisnéise, an-chuid acu a bhí bunaithe ar Iarthar na hÉireann, go leor gradam. I 1986 bhuaigh a chlár teilifíse *Cois Farraige Leis an Madra Uisce* gradam *Jacob*.

Bhí Éamon de Buitléar ina Sheanadóir ar feadh roinnt mhaith blianta. I 1987 cheap Taoiseach an ama[ix], Charles J. Haughey é mar bhall de Sheanad Éireann. Ceapadh ar an bPríomhbhord Iascaigh é in 2005. Cuimhneofar ar Éamon de Buitléar as áthas saoil an fhiadhúlra a thabhairt isteach go seomraí suite na hÉireann den gcéad uair. Maireann a bhean Lailli agus cúigear leanaí fásta.

---

[i] *na cheithre scór* a deirtear
[ii] *go mbog* a deirtear (úsáidtear *go + urú* go minic san aimsir chaite in áit *gur + séimhiú* i gcanúint na Mumhan)
[iii] *go músclaíodh* a deirtear, *gur músclaíodh*/ ar músclaíodh atá sa chaighdeán
[iv] cuirtear *urú* seachas séimhiú ar an bhfocal go minic tar éis *sa / den / don* i gcanúint na Mumhan
[v] *don teilifís* atá sa chaighdeán
[vi] *shraith* a deirtear
[vii] *don mBBC* a deirtear
[viii] *canálacha* a deirtear
[ix] *na hama* a deirtear